Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## Achoimre maidir le Limistéir Choimeádta Ábhair Chairéal Leacaigh

GCRR_4.03.34.13_004

Eisiúint 1 | 19 October 2020

Sa tuarascáil seo, cuirtear treoracha agus riachtanais ar leith ár gcliaint san áireamh.

Níl sí ceaptha le haghaidh aon tríú páirtí agus ní ceart d'aon tríú páirtí brath uirthi ná ní ghlactar le haon fhreagracht i leith aon tríú páirtí.

Jab uimhir233985-00233985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Corporate House
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com

ARUP

# Fíorú an Doiciméid

ARUP

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal an jab** | | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | | **Uimhir an jab**<br>233985-00233985-00 | |
| **Teideal an doiciméid** | | Achoimre maidir le Limistéir Choimeádta Ábhair Chairéal Leacaigh | | **Tagairt an chomhaid** | |
| **Tag an doiciméid** | | GCRR_4.03.34.13_004 | | | |
| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm an chomhaid** | | | |
| Dréacht 1 | 17 DF 2020 | **Tuairisc** | An chéad dréacht | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen McCarthy | | |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 1 | 18 DF 2020 | **Ainm an chomhaid** | GCRR_4-03.34.13.004_Freagra maidir le Cairéal Leacaigh_I1.docx | | |
| | | **Tuairisc** | Eisiúint | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Eileen | Mary | Eileen |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |

**Fíorú an Doiciméid le heisiúint in éineacht leis an** ✓

# Clár

Leathanach

**1 Réamhrá 1**

**2 Acmhainneacht MDA-anna 1**

**3 An tÁbhar a bheidh ann 3**

**4 Athbhreithniú ar MDA-anna ag Cairéal Leacaigh 3**

**5 Conclúid 6**

Aguisín A A1

Ceartúcháin ar Aguisín A.1.11

MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG
AN mBORD PLEANÁLA

AR CEADÚ I nDÁIL LE (I) CUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MHÓTARBHEALACH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2918; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR COSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

Freagra ar Fhiosruithe a ardaíodh i Modúl 2 den Éisteacht ó Bhéal maidir le Limistéir Choimeádta Ábhair Chairéal Leacaigh

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

ó

MikeEvans, Eileen McCarthy,Mary Hurley
- Innealtóireacht
MarieFleming, Cathal Mac an tSearraigh – Ithreacha agus Geolaíocht

**19 Deireadh Fómhair 2020**

# 1 Réamhrá

1.1.1 Is é is cuspóir don doiciméad seo ná achoimre a dhéanamh ar fhorbairt na Limistéar Coimeádta Ábhair (MDA-anna) ar fud an tionscadail agus taifeadadh a dhéanamh ar stádas deiridh na MDA-anna i gCairéal Leacaigh i leith fiosruithe Mhodúl 2 maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR). Pléadh na MDA-anna sin go mion i Modúl 1 den Éisteacht Ó Bhéal a mhéid a bhaineann lena luach éiceolaíochta.

1.1.2 Déantar achoimre den sórt sin maidir leis an iarmhéid foriomlán créfoirt, ach sin faoi threoir na faisnéise atá ann sa Tuarascáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus faoi threoir an Fhreagra ar an Iarraidh ina dhiaidh sin ar Fhaisnéis Bhreise.

1.1.3 Rinneadh aguisín, mar atá Aguisín A.1.11, a ullmhú mar chuid den Fhreagra ar an RFI chun aghaidh a thabhairt ar an bhfiosrú sonrach a d'ardaigh an Bord Pleanála (ABP) maidir le leagan amach buan Chairéal Leacaigh tar éis N6 GCRR, mar atá beartaithe, a thógáil.

# 2 Acmhainneacht MDA-anna

2.1.1 Luaitear an méid seo a leanas i Roinn 9.3.2.3: *'déanfar iompórtáil ábhair ó áiteanna lasmuigh den láithreán a íoslaghdú trína chinntiú go ndéantar ábhair a fhaightear laistigh de limistéar an láithreáin a úsáid go feadh an méid is mó is féidir. Déanfar aon ábhar barrachais a bheidh fágtha agus nach féidir é a úsáid mar chuid de na gníomhaíochtaí líonta tógála a chur isteach i limistéir choimeádta ábhair laistigh den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Laghdóidh sé sin go mór an méid ábhair a choimeádfar in áiteanna lasmuigh den láithreán.'*

2.1.2 I dTábla 11.27, i Roinn 11.4.1.5 den EIAR, tugtar meastachán ar na limistéir ionchasacha choimeádta ábhair mar aon le meastachán ar a ngarbhacmhainneacht stórála. Tugtar faoi deara freisin go soláthraíonn na láithreáin sin acmhainneacht stórála de bhreis ar na 370,000m$^3$ measta d'ábhar neamh-inghlactha a d'fhéadfadh a bheith ann. De réir na mionsonraí ar leathanach 3 de Roinn 2 d'Aguisín A.1.11 den Fhreagra ar an RFI, ba é a bhí san acmhainneacht uasta theoiriciúil a bhí ar fáil sna MDA-anna tráth na measúnachta maidir leis an EIAR ná 836,800m$^3$ (98,800m$^3$ de mhóin + 738,000m$^3$d'ÁbharU1).

2.1.3 In Aguisín A.1.11den Fhreagra ar an RFI, cuireadh forléargas i láthair maidir leis an measúnacht ar choimeád ábhair i gcás Chairéal Leacaigh agus cuireadh réiteach modhnaithe i láthair le haghaidh leagan amach na MDA-anna agus ar an gcainníocht agus ar an ábhar faoi seach a ceapadh a bheadh ann sna MDA-anna i gCairéal

Leacaigh. Chuathas i mbun oibríocht athmhúnlúcháin chun meastachán a dhéanamh ar acmhainneacht na MDA-anna agus, I Roinn 6.2.1, ar leathanach 24 d'Aguisín A.1.11, deirtear gurb é atá in acmhainneacht na MDA-anna go léir ná 824,000m$^3$ (is é sin, 99,000m$^3$ de Mhóin agus 725,000m$^3$ d'Ábhar Neamhghuaiseach U1).

2.1.4 In Iarscríbhinn 2 den Aguisín A.1.11 seo, áirítear *Limistéir Choimeádta Ábhair - Tuarascáil Bhunlíne* agus leagtar amach na MDA-anna a coimeádadh tar éis na hoibre modhnaithe a rinneadh agus a raibh aistriú/cruthú/mínscagadh na MDA-anna i gceist léi. I dTábla 5.1 ar Leathanaigh 17 agus 18 den Iarscríbhinn 2 seo, déantar an miondealú ar acmhainneacht cheadaithe na MDA-anna atá ar fáil tar éis na n-oibríochtaí athmhúnlúcháin, is é sin 806,700m$^3$, a chur i láthair. Mar mhíniú air sin, is ionann an figiúr 806,700m$^3$ agus suim na nAcmhainneachtaí Ceadaithe go léir i leith gach ceann ar leith den 32 MDA dá dtagraítear i dTábla 5.1 ar Leathanaigh 17 agus 18 d'Iarscríbhinn 2 d'Aguisín A.1.11.

2.1.5 I dTábla 5.1 ar Leathanaigh 17 agus 18 den Iarscríbhinn 2 seo a ghabhann le hAguisín A.1.11, déantar an méid ábhair a bhféadfaidh é a chur i ngach ceann ar leith de na limistéir a chur i láthair freisin, agus riachtanais dearthóireachta gach MDA ar leith á gcur san áireamh. Is é atá sa mhéid iomlán a bheidh le coimeád sna MDA-anna seo ná 597,200m$^3$, dá ngairtear an "Méid coimeádta measta", agus is é atá ann go díreach ná suim na méideanna éagsúla i ngach ceann de na MDA-anna atá liostaithe i dTábla 5.1 (ach sin faoi réir dhá cheartúchán, a mbaineann ceann amháin acu le DA28 arb é atá ann ná 231,000m$^3$ seachas 240,000m$^3$ rud a dtagraítear dó i dTábla 5.1 (a bhfuil mionsonraí ann ina leith i dTábla 3.3 ar leathanach 13 agus i dTábla 3.5 ar leathanach 16, ar mionsonraí iad a léiríonn gurb é/í an méid measta/acmhainneacht mheasta ábhair choimeádta é/í in DA28, is é sin le rá, 231,000m$^3$ (217,000m$^3$+14,000m$^3$) agus ceartúchán i ndáil le DA28 rud a mhínítear sa cheartúchán atá i gceangal leis seo.

2.1.6 Dá bhrí sin, tá acmhainneacht spártha thart ar 26% ann sna MGA-anna. Tá gá leis an acmhainneacht spártha sin chun déileáil le dálaí athraitheacha talún, le bulcáil a éiríonn as 2.6 milliún méadar ciúbach d'ábhar ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe a athúsáid go díreach mar líonadh innealtóireachta, le hoiriúnacht an ábhair a fhaightear mar ábhar a bhfuil 100% de le hathúsáid, le dálaí aimsire le linn na tógála etc. I bhfianaise na nithe sin agus na taithí gairmiúla innealtóireachta atá againn, tá an acmhainneacht spártha atá ann sna MDA-anna i gcomhréir leis an taithí atá againn mar thoradh ar thionscadail tógála roimhe seo.

# 3 An tÁbhar a bheidh ann

3.1.1 I Roinn 7.4.9.2 den EIAR, déantar achoimre ar na cainníochtaí créfoirt. I dTábla 7.3 de Chaibidil den EIAR, luaitear gur 76,000m$^3$ atá i méid na móna a bheidh ann agus gurb é a bheidh sa mhéid ionchasach ábhair nach mbeidh oiriúnach le haghaidh athúsáid innealtóireachta le linn bóithre a thógáil ná 290,000m$^3$, ina n-áirítear 191,000m$^3$ (ábhar U1) + 33,000m$^3$ (barrachas barrithreach) + 66,000m$^3$ (Breacbharrachas), agus cuirtear in iúl go n-athúsáidtear an t-ábhar go léir ar an láithreán agus go ndéantar cuid den athúsáid sna MDA-anna.

3.1.2 I Roinn 2.1, ar Leathanach 2 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le hAguisínA.1.11, tugtar mionsonraí faoin méid ábhair a nglacfar leis sna MDA-anna. I Roinn 2.1, luaitear go ndéanfar tuairim is 366,000m$^3$ d'ábhar a ghiniúint lena choimeád sna MDA-anna agus gur móin a bheidh i gceist le 76,000m$^3$ den ábhar sin. Is ionann an méid sin agus an t-.ábhar tochailte lúide na cainníochtaí ábhair a bheidh le húsáid le haghaidh thógáil an bhóthair. I Roinn 2.1.1 (agus ar Leathanach 2 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le hAguisínA.1.11) tuairiscítear na gnéithe bulcála a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an méid sin agus soláthraíonn sé sin **méid foriomlán 475,800m$^3$**(is é sin, suim na bhfigiúirí éagsúla bulcáilte i Roinn 2.1.1) **ar móin atá le coimeád é in MDA-anna 98,800m$^3$ de**.

3.1.3 Déantar am acmhainneacht mhóna lasmuigh de Chairéal Leacaigh (47,000m$^3$) a úsáid a mhéid is mó agus is féidir sna MDA-anna ina bhfuil móin ceadaithe, rud a dtugtar mionsonraí ina leith i Roinn 3 d'Iarscríbhinn 2 d'Aguisín A.1.11 den Fhreagra ar an RFI, leathanach 4. Ina dhiaidh sin, is é atá sa mhéid móna atá fágtha agus atá le coimeád sna MDA-anna laistigh de Chairéal Leacaigh ná 51,800m$^3$. Is ionann sin agus méid is mó ná 50% den mhóin iomlán atá le coimeád.

# 4 Athbhreithniú ar MDA-anna ag Cairéal Leacaigh

4.1.1 Tar éis teagmháil fhónta le húinéir Chairéal Leacaigh sa bhliain 2019, chuathas i mbun mhúnlú 3D i ndáil leis na MDA-anna i gCairéal Leacaigh chun méid iomlán an ábhair a chinneadh, is é sin, méid iomlán an ábhair atá ag teastáil chun cuspóirí na MDA-anna atá beartaithe i leith an tsuímh seo a bhaint amach. I Roinn 3 ar Leathanach 3 d'Aguisín A.1.11, tugtar mionsonraí faoin measúnacht ar an athmhúnlú agus athchruthú 3D sin i ndáil leis na MDA-anna ag Cairéal Leacaigh chun measúnú a dhéanamh i dtaobh, agus chun a fháil amach, an féidir, mar thoradh ar athmhúnlú den sórt sin, laghdú a

dhéanamh ar an méid talún a gheofar go buan sa chairéal agus, ag an am céanna, ceanglais chriticiúla fheidhmiúla na MDA-anna sa suíomh seo a chomhlíonadh.

4.1.2 Bhí an t-athbhreithniú sin dírithe ar na riachtanais maidir le cobhsú fána agus na riachtanais maidir le coimeád ábhair a chur in éineacht lena chéile ag an suíomh sin (agus na riachtanais maidir le gnáthóga éiceolaíochta á gcur san áireamh freisin) agus, mar thoradh air sin, athmhúnlaíodh agus athchruthaíodh roinnt MDA-anna.

4.1.3 I Roinn 3.2 ar Leathanach 5, agus ar leathanaigh ina dhiaidh sin, d'Aguisín A.1.11, sainaithnítear gach ceann ar leith de MDA-anna Chairéal Leacaigh agus tugtar an fhaisnéis seo a leanas faoi gach ceann acu:

- Athmheasúnú ar an acmhainneacht tar éis athmhúnlú 3D gach MDA ar bhonn leagan amach phlean an EIAR
- Measúnú ar acmhainneacht na MHDA-anna athmhúnlaithe, is é sin le rá, DA 24, DA 27 agus DA 28
- Measúnú ar acmhainneacht DA 25 a cruthaíoch as an nua

4.1.4 I dTábla 3.5 ar Leathanach 16 d'Aguisín A.1.11, cuirtear achoimre ar an gcomparáid sin i láthair. Is ceart an figiúr 63,000m3 i leith acmhainneacht mheasta ábhar U1 i gcás DA 24 a léamh mar 67,000m3 (i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le hAguisínA.1.11 (leathanaigh 17 agus 18), tá méid measta/acmhainneacht mheasta athsholáthair 104,000m3 ag DA24 agus móin atá i gceist le 37,000m3 de rud a fhágann go bhfuil 67,000m3 d'ábhar U1 ann seachas 63,000m3). Dá bhrí sin, is é atá méid iomlán na hacmhainneachta measta i dTábla 3.5 ar Leathanach 16 d'Aguisín A.1.11 ná 304,200m3 seachas 301,000m3. Tá an méid sin ina ábhar do cheartúchán gearr atá i gceangal leis an doiciméad seo.

4.1.5 Déantar acmhainneachtaí críochnaitheacha agus plean-achair gach ceann ar leith de na MDA-anna ag Cairéal Leacaigh, tar éis athmhúnlú DA 24, DA 27 agus DA 28, chruthú DA 25 agus scriosadh DA 23, a leagan amach i dTábla 1 anseo thíos mar áis tagartha agus ar mhaithe le soiléire. Daingnítear go bhfuil na figiúirí atá ann i dTábla 1 thíos le fáil in Aguisín A.1.11 gan ach leasú amháin déanta air mar atá luach uimhriúil an mhéid le haghaidh DA24 a cheartú agus athrú a éiríonn as sin a dhéanamh ar acmhainneacht iomlán mheasta ábhar U1.

4.1.6 Is é atá san ábhar a úsáidtear i leith chruthú na MDA-anna dá dtagraítear i dTábla 1 thíos ná an t-ábhar a éiríonn as tógáil an N6 GCRR atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá comhdhéanamh an ábhair sin thar a bheith tábhachtach ó tharla go n-imríonn sé tionchar ar chruth, ar airde agus ar phlean-achar na MDA-anna.

4.1.7 I Roinn 5 de Leathanach 21 d'Aguisín A.1.11, cuirtear i láthair na hachair athbhreithnithe i leith cruthú gnáthóg sna MDA-anna nua-mhúnlaithe ag Cairéal Leacaigh. Tá na hachair sin san áireamh i dTábla 1 thíos mar áis tagartha. Tá achar iomlán na ngnáthóg a athchruthaítear tar éis athchumrú agus athmhúnlú na MDA-anna mar an gcéanna leis an achar a chuirtear i láthair san EIAR i.e. 4.85Ha.

**Tábla 1: Achoimre ar Acmhainneacht Chairéal Leacaigh**

| **Limistéar Coimeádta Ábhair** | **Cainníochtaí mar atá leagtha amach sa Fhreagra ar an RFI 2019** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Acmhainneacht mheasta U1 m³** | **Acmhainneacht mheasta Móna m³** | **Acmhainneacht Mheasta na Sraithe Draenála m³** | **Plean-Achar le haghaidh Cúiteamh Gnáthóige Ha** |
| DA 23 | ~~33000~~ | ~~12000~~ | ~~0~~ | ~~0~~ |
| DA 24 | 67,000* | 37000 | 0 | 2.03 |
| DA 25 | 3500 | 3000 | 0 | 0.37 |
| DA 27 | 16700 | 0 | 2800 | 0 |
| DA 28 | 217000 | 14000 | 77000 | 2.45 |
| **Iomlán** | **304200** | **54000** | 79800 | **4.85** |

* *Luaitear an figiúr sin go mícheart mar 63,000 i dTábla 3.5 d'Aguisín A.1.11*

4.1.8 **Mar thoradh ar DA 23 a scriosadh mar MDA ag Cairéal Leacaigh cumasaíodh tuairim is 3.01 Ha de thalamh a thabhairt ar ais d'úinéir na maoine tar éis an tógáil a chríochnú.**

4.1.9 Ach, mar thoradh ar scriosadh DA 23 agus ar athmhúnlú DA 24, tháinig méadú ar an méid móna agus U1 a bhí le coimeád sna MDA-anna eile ar fud an láithreáin. I Roinn 6 ar Leathanach 24 , agus ar leathanaigh ina dhiaidh sin, d'Aguisín A.1.11, déantar achoimre ar na cainníochtaí éagsúla i leith na MDA-anna ag Cairéal Leacaigh. I dTábla 1 thuas, áirítear na líonta iomchuí go léir agus is ceart é a léamh in éineacht le Tábla 6.2 ar Leathanach 28 d'Aguisín A.1.11 chun tuiscint a fháil ar mhéid iomlán an ábhair atá ag teastáil chun cuspóirí na MDA-anna a bhaint amach ag an suíomh seo. Is ceart a bheith ar an eolas freisin go ndéantar tagairt i dTábla 6.2 ar Leathanach 28 d'Aguisín A.1.11 do DA24 mar DA ina bhfuil 63,000m³ d'ábhar U1, seachas 67,000m³, agus, chomh maith leis sin, dá bharr sin, gur ceart an Méid Coimeádta iomlán Ábhar U1 i dTábla 6.2, ar Leathanach 28, a léamh mar 496,200m³ seachas 492,200m³. Déileáiltear leis sin freisin i gceartúchán gearr atá i gceangal leis seo.

# 5 Conclúid

5.1.1 Is MDA-anna fíorthábhachtacha iad DA 24 agus DA 25 i dtaca le coimeád sábháilte inbhuanaithe ábhair a éiríonn as coimeád inbhuanaithe móna a eastósctar mar thoradh ar thógáil na forbartha atá beartaithe, agus go háirithe i ndáil leis sin. Mar a thaispeántar sa Fhreagra ar an RFI, tá acmhainn ag 3 cinn de na MDA-anna ag Cairéal Leacaigh déileáil le 54,0003 de mhóin. Is é atá sa phríomh-shaincheist ná nach mór 51,000m3 de mhóin a choimeád laistigh de 3 MDA ag Cairéal Leacaigh. Maidir leis na 3 MDA ina bhfuil móin, is é atá sa cheann is mó acu ná DA24 a bhfuil 37,000m3 le cur isteach ann. Chun déileáil go sábháilte leis an méid sin móna laistigh de DA24, is gá 67,000m3 d'ábhar U1 a chur isteach in DA24, (i) chun cobhsaíocht an chisil uachtair a chinntiú/aghaidh an chairéil a chobhsú; agus (ii) chun móin a mheascadh/a bhundú laistigh de DA24.

5.1.2 Moltar i gcónaí ábhar farasbairr a choimeád chomh gar agus is féidir don phointe ónar eastóscadh é ó tharla gurb é a leanann as sin ná an modh coimeádta is inbhuanaithe i dtaca leis na hábhair farasbairr sin.

5.1.3 I rith na tréimhse ón tráth a cuireadh an éisteacht ar atráth i Márta 2020 mar gheall ar shrianta Covid 19, foilsíodh "Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach". Sa tuarascáil sin tarraingítear aird ar chumas feabhsuithe ar chleachtais bhainistithe dramhaíola chun deiseanna a chur ar fáil i dtéarmaí costais chomhshaoil agus airgeadaislaghdaithe don tionscal agus don tsochaí, Tá móin a chur isteach i gCairéal Leacaigh i gcomhréir le cuspóirí "Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach".

# Aguisín A